

Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne- Maigh Chromtha

Nuachtlitir Uimh.2, Meitheamh 2020



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Oibreacha ar Fho-Dhroichead an Iomaire



Oibreacha Bhóthar Chúil Liatháin/Bhóthar an Mhuilinn

Fáilte go dtí an tarna nuachtlitir de chuid Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha.

Eisíodh Nuachtlitir Uimh. 1 ag deireadh mhí Feabhra 2020 agus mar is eol do chách is mór an t-athrú atá tagtha ar chúrsaí idir an dá linn. Cuireadh na hoibreacha tógála ar athló ar an Satharn 28 Márta agus d'oscail arís ar an 18 Bealtaine 2020. Tá na hoibreacha ar fad á ndéanamh i gcomhréir le treoirlínte reatha an Rialtais agus FSS agus na prótacail seo a leanas:

Tá sé de riachtanas go mbeadh oiliúint Ionduchtúcháin Ar-Líne an CIF déanta ag gach fostaí agus gach cuairteoir le coinne chomh maith le Foirm Fhéin-Dearbhairte a bheith líonta acu sula dtagann siad ar an láthair.

Tá Nós-Imeachta Caighdeánaithe (SOP) COVID-19 i bhfeidhm ag an gConraitheoir agus déantar an cháipéis a cothromú le dáta i gcomhréir le Treoracha Rialtais – tá monatóireacht á dhéanamh air seo ag ár 4 Oifigeach um Chomhlíonadh.

Faoi láthair níl cead ach ag cuairteoirí a bhfuil coinne acu teacht ar an láthair – diúltaítear do gach cuairteoir eile teacht ar an láthair. Is féidir sonraí a fhágáil le lucht slándála an tsuímh nó is féidir teagmháil a dhéanamh linn ach teacht ar na sonraí teagmhála atá ar fáil ar ár suíomh idirlín. Iarrtar ar chúirteoirí gan bheith maslaithe ag an gcóras seo óir caithfear tús áite a thabhairt don sábháilteacht

Dul Chun Cinn go dáta:

Oibreacha Glanta Suímh: Cuireadh tús in athuair leis na hoibreacha ar Stráice 3 ar an 18 Bealtaine 2020 nuair a athoscail an suíomh. Seachas an ceangal-isteach sa chuid thoir de Chúil Chomhair, táthar ag súil go gcríochnófar na hOibreacha Glanta Suímh ar Stráice 3 go luath. Tá tús curtha chomh maith leis na hoibreacha ar Acomhal an Túnlaín i Stráice 1 ag obair i dtreo Dhroichead Abha na Biochaille. Tá éiceolaí an Chonraitheora ar an láthair go lánaimseartha ag déanamh monatóireachta ar na hoibreacha seo.

Oibreacha Príomhlíne: Áirítear lomadh barrithreach, mór-oibreacha créafóige agus draenáil idircheapóra ar na hoibreacha seo agus tá an obair seo ag dul ar aghaidh i gcodanna éagsúla den suíomh, ina measc: Acomhal an Túnlaín go Droichead Abha na Biochaille, ó Acomhal an Ghoirtín Rua ar Bhóthar Shráid an Mhuilinn go dtí Abha na Láine agus cru-aábhar á bhaint amach go meicniúil lastoir de Bhaile Uí Bhioráin. Tá 'Atreorú Líne N22 110kV Clashavoon-Cluain Chaoin' críochnaithe i Stráice 1 rud a éascaíonn na hOibreacha Príomhlíne sa limistéar seo.

Taobh-Bhóithre: Tá tús curtha leis an obair thógála faoi Dhúnadh Bóthair ón 25 Bealtaine 2020 ar Bhóthar Chúil Liatháin Íochtarach (Bóthar an Mhuilinn) L-3424 ailínithe.

Struchtúr Droichid: Thosnaíomar ar na hullmhúcháin le déanaí chun tús a chur le Fo-Dhroichead an Iomaire, atá suite anuas den R618 Bóthar Charraig an Droichid. Droichead 2-réise is ea é seo le réise amháin i bpáirc lastoir den bhóthar agus réise eile thar an bóthar R618 atá ann cheana. Cuirfear tús sara fada le fo-dhroichead Chúil Liatháin atá díreach anuas de Bhóthar an Mhuilinn.

Comhshaol: Tá an obair faoi lán tseoil maidir le suirbhéanna ar riochtaí sealúchas agus tástálacha ar sholáthairtí príobháideacha uisce gus leanfar arís leis seo go luath i gcomhréir le treoirlínte athbheithnithe mar a éilítear inár Nós-Imeachta Caighdeánaithe (SOP) COVID-19. Tá tús curtha le monatóireacht ar thorann, ar chreathadh agus ar smúit ar an láthair le hoibríochtaí smachta smúite ag dul ar aghaidh go leanúnach de réir mar a éilíonn dálaí suímh a leithéid.

Ar an gClár Oibre:

Oibreacha Glanta Suímh: cuirfear tús leo seo ó Acomhal an Túnlaín go Droichead Abha na Biochaille agus an ceangal isteach iartharach thar na míonna atá romhainn. Ina dhiaidh seo déanfar an chuid eile de na hoibreacha glanta suímh idir Bhaile Bhuirne agus Charraig an Phúca sna míonna ina dhiaidh sin.

Fóntais á gCur ar Mhalairt Slí: sna seachtainí romhainn cuirfear i gcrích an obair atreoraithe ar sheirbhísí BSL agus EIR idir Chúil Liatháin agus Droichead an Iomaire chomh maith le hoibreacha atreoraithe do sheirbhísí príomhphíobáin uisce agus EIR idir Chúil Liatháin Uachtarach. Cuirfear aon bhriseadh sna seirbhísí seo in iúl dóibh siúd lena mbaineann roimhré.



An Roinn Iompair,
Turastóireachta agus Spóirt
Department of Transport,
Tourism and Sport



TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland



Conas
teagmháil a
dhéanamh linn:

Teileafón

087-458155

Freagrófar le linn
gnáth uaireanta
oifige, nó fág
teachtaireacht

R-phost

info@n22bbm.ie

Suíomh

www.n22bbm.ie

Seoladh

Oifigí Láithreáin
N22 BBM, Bóthar
Shráid an Mhuilinn,
Maigh Chromtha,
P12 PN24

Oibreacha ar an bPríomhlíne

- ◆ Ón 25 Bealtaine 2020, faoin Dúnadh Bóthair ar Bhóthar Chúil Liatháin (Bóthar an Mhuilinn), leanfaimid ar aghaidh lenár n-oibriúchán mór-oibreacha créafóige sa limistéar seo chun an obair thógála ar Ailíniú Bhóthar Chúil Liatháin a éascú agus chun tús a chur le Fo-Dhroichead Chúil Liatháin.
- ◆ Leanfaidh mór-oibreacha créafóige siar ó Abha na Láine trí Chúil Liatháin Uachtarach chun an próifíl nua bóthair a chur ar bun sa limistéar seo.
- ◆ Leanfar do bheith ag baint crua-ábhair go meicniúil ón lomán carraige ar an dtaobh thoir de Bhaile Uí Bhioráin agus úsáidfean an t-ábhar seo chun próifíl an bhóthar nua a leagadh síos go háitiúil.
- ◆ Tógfar bóthar atreoraithe sealadach i gCúil Liatháin Uachtarach chun an obair thógála ar Dhroichead Chúil Liatháin a thosnú i mí Iúil 2020. Déanfar an bóthar seo ailíniú leis an mbóthar atá ann cheana ionas go leanfar leis an rochtain d'úsáideoirí bóthair áitiúla.
- ◆ Éascóidh an fhorbairt leanúnach atá ar siúl ag bealach isteach an tsuímh anuas de Bhóthar Shráid an Mhuilinn an obair thógála ar phróifíl bóthair nua ón nGoirtín Rua go Baile Uí Bhioráin.
- ◆ Tá sé i gceist againn an charraig a bhaint as le pléascadh idir an Goirtín Rua agus Baile Uí Bhioráin i mí Iúil/Lúnasa 2020. Leanfar le monatóireacht shonrach ar thorann, ar chreathadh agus ar smúit ar bhonn leanúnach sa phróiseas seo. Tabharfar eolas níos sonraí faoin bpléascadh don phobal i gcomharsanacht na n-oibreacha.
- ◆ Tógfaimid bealach isteach chun an tsuímh ag Acomhal an Túnlaín chomh maith le hionad suímh agus ina dhiaidh sin tógfaimid bóthar iompair go Droichead na Biochaille. Ó na Cillíní siar go Droichead na Biochaille, leanfar don lomadh barrithreach mar aon le fálú siolta, trasnúcháin sruthán agus soláthar oibreacha stiallbhatach BSL. Déanfar tochailt chun an bóthar iompair a sholáthar agus tochailt ar lochán tanúcháin ar na Ceapacha Thiar.

Taobh-Bhóithre: Leanfaidh oibreacha ar aghaidh le tógáil Bhóthar Chúil Liatháin Íochtarach (Bóthar an Mhuilinn). Cuirfeadh tús chomh maith le hoibreacha ar na taobh-bhóithre seo a leanas sa tréimhse atá ag teacht: Cúil Liatháin Uachtarach, Baile Uí Bhioráin agus Acomhal Charraig an Phúca leis an N22 atá ann cheana.

Tógáil Droichead: Tosnóidh na hoibreacha ar Fho-Dhroichead an lomaire agus leanfaidh siad ar aghaidh ar feadh roinnt míonna gan aon srianta ar thrácht go dtí níos déanaí sa bhliain le roinnt stopthaí bóthair a theastóidh chun bíomaí an droichead a chur in áit os cionn Bhóthar an lomaire atá ann cheana. I lár nó i dtreo deireadh mhí an Mheithimh 2020 a chuirfeadh tús le Fo-Dhroichead Chúil Liatháin (Cúil Liatháin Uachtarach) gan aon srianta ar bhóithre poiblí atá ann cheana ach nó n-osclofar an bóthar seo. Tosnófar ar Dhroichead Abha na Láine chomh maith déanach i mí Iúil nó luath i mí Lúnasa le píleáil do dhúshraitheanna an droichid a leanfaidh roinnt seachtainí. Tosnóidh Droichead Chúil Liatháin (Cúil Liatháin Uachtarach) i lár nó i dtreo deireadh mhí Iúil 2020 gan aon tionchar ar thrácht poiblí mar a sonraítear thuas. Cuirfeadh tús leis na hoibreacha ar Dhroichead na Biochaille i mí an Mheithimh/Iúil 2020 le bealach isteach sealadach agus ardán crua cóngarach don teannta thoir, don phiara idirmheánach agus don teannta thiar. Bunófar ionad suímh ag an láthair seo chomh maith.

Bainistíú Tráchtata atá ag teacht:

- **Dúnadh aon lána ar thaobh-bhóithre éagsula:** chun crainn a leagadh agus a thuilleadh imscrúdaithe suímh a dhéanamh sna seachtainí romhainn agus bainisteofar iad seo le córas stad-gabh.
- **Dúnadh Bóthair an L-3424 Bóthar Chúil Liatháin:** thosnaigh an dúnadh bóthair seo ar an 25 Bealtaine 2020 agus leanfaidh go dtí an 22 Meitheamh 2020. Tá iarratas déanta go Comhairle Contae Chorcaí chun síneadh a chur leis an dúnadh seo go dtí an Aoine 10 Iúil.
- **Tógáil Droichead Chúil Liatháin ag L-7480 Bóthar Chúil Liatháin Uachtarach:** tógfar bóthar atreorach sealadach san áit seo chun Bóthar Chúil Liatháin Uachtarach atá ann cheana a ailíniú agus rochtain tríd an ceantar seo a choimeád i bhfeidhm do thrácht áitiúil.
- **Dúnadh Gualainne Chrúa N22 i gCarraig an Phúca:** dúnfar an ghualainn chrúa go sealadach go déanach i mí an Mheithimh chun oibreacha a éascú ar bhealach isteach a thógaint don suíomh.
- **Innealra ag trasnú:** Pointí trasnaithe éagsula ag bóithre áitiúla in áiteanna go dtéann an t-ailíniú bóthair beartaithe trasna ar bhóithre áitiúla.

Cuirfeadh gach socrú bainistíochta tráchtata san áireamh ar an gcóras *Mapalserter* atá ar fáil ar <https://www.mapalserter.com/>

Más mian leat go gcuirfí tú ar liosta seachadta na Nuachtlitreach seo bí i dteagmháil linn ag info@n22bbm.ie

Is mian leis an bhfoireann ar fad atá páirteach a mbuíochas a chur in iúl do mhuintir Mhaigh Chromtha, Bhaile Bhuirne agus na háiteanna máguaird as a gcuid comhoibrithe agus aithnímid go bhféadfadh na hoibreacha deacrachtaí a chruthú do dhaoine. Táimid buíoch as bhur gcuid foighne agus gabhaimid ár leithscéal as aon mhí-chaoithiúlacht. Tabhair faoi deara le do thoil, go bhféadfadh athrú teacht ar sceidealú na n-oibreacha de réir mar a théann an obair ar aghaidh – coimeádfar an pobal ar an eolas maidir le haon athruithe.